Mo Cheantar

Tá mé i mo chónaí i mBun an Phobail i gContae Dhún na nGall. Tá an baile suite cois farraige, agus tá mé i mo chónaí ar imeall an bhaile. Is baile beag é cóngarach do Dhoire. Tá daonrá trí mhíle sa bhaile, agus tá mo ghaolta uilig ina gcónaí ann.

Tagann turasóirí go Bun an Phobail le linn an tSamhraidh, mar tá siúlóidí deasa agus radharcanna galánta ar an chósta. Bíonn an chraic ar dóigh sa Samhradh, ach bíonn sé iontach ciúin sa Gheimhreadh. Bíonn sé leadránach in amanna.

Níl mórán le déanamh don aos óg i mBun an Phobail. Tá club na n-óg ann, ach níl linn snámha ar an bhaile. Sa lár, tá leabharlann, siopaí, tithe tábhairne, oifig an phoist, agus cúpla banc. Is maith liom an ceantar, ach is mór an trua nach bhfuil pictiúrlann ann.